FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

Nuashonrú ar mhéideanna tagartha i ndáil le trasnú na dteorainneacha seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ([1])

(2022/C 143/04)

Na méideanna tagartha i ndáil le trasnú na dteorainneacha seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ([2]), foilsítear an liosta sin ar bhonn na faisnéise a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 39 de Chód Teorainneacha Schengen.

Chomh maith lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil, tá nuashonrú míosúil ar fáil ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile.

MÉIDEANNA TAGARTHA IS GÁ CHUN NA TEORAINNEACHA SEACHTRACHA A THRASNÚ, ARNA LEAGAN SÍOS AG NA hÚDARÁIS NÁISIÚNTA

AN SPÁINN

Le cur in ionad na faisnéise a foilsíodh in IO C 486, 3.12.2021, lch. 26.

Suitear in Airteagal 1 d'Ordú PRE/1282/2007 an 10 Bealtaine 2007 maidir leis an acmhainn airgeadais nach mór do náisiúnaigh eachtracha cruthúnas a thabhairt ina leith chun go bhféadfaidís teacht isteach sa Spáinn "nach mór don mhéid atá le cruthú a bheith cothrom le 10 % den olltuarastal íosta idirghairme in euro nó lena choibhéis dhlíthiúil in airgeadra eachtrach arna iolrú faoi líon laethanta a bheartóidh siad fanacht sa Spáinn agus faoi líon na ndaoine atá ag taisteal faoina gcúram".

Suitear i bhForaithne Ríoga 152/2022 an 22 Feabhra 2022, ina leagtar amach an pá íosta idirghairme, a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Stáit uimhir 46 an 23 Feabhra 2022, méid an phá íosta idirghairme a bheidh i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2022, á socrú ag 33.33 euro in aghaidh an lae nó 1 000 euro in aghaidh na míosa, ag brath ar cé acu a shocraítear an pá i laethanta nó i míonna.

De réir an nuashonraithe ar mhéid an phá íosta idirghairme arna shocrú ag FR 152/2022 an 22 Feabhra 2022, ní mór d'eachtrannaigh a bhfuil sé beartaithe acu teacht isteach ar an gcríoch náisiúnta a chruthú i gcónaí go bhfuil íosmhéid 100 euro in aghaidh an duine in aghaidh an lae acu, agus ní mór dóibh siúd a bhfuil sé i gceist acu fanacht sa Spáinn a chruthú go bhfuil íosmhéid 900 euro nó a choibhéis dlí in airgeadra eachtrach acu, ar choinníoll go n-éilíonn na hoifigigh an méid sin ar eachtrannaigh, sin iad na hoifigigh a bhfuil sé de chúram orthu teacht isteach ar chríoch na Spáinne a rialú, agus go bhfuil sé i gcomhréir le téarmaí an Ordaithe thuasluaite.

Liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo

IO C 247, 13.10.2006, lch. 19.
IO C 77, 5.4.2007, lch. 11.
IO C 153, 6.7.2007, lch. 22.
IO C 164, 18.7.2007, lch. 45.
IO C 182, 4.8.2007, lch 18.
IO C 57, 1.3.2008, lch. 38.
IO C 134, 31.5.2008, lch. 19.
IO C 331, 31.12.2008, lch. 13.
IO C 33, 10.2.2009, lch 1.
IO C 36, 13.2.2009, lch 100.
IO C 37, 14.2.2009, lch. 8.
IO C 98, 29.4.2009, lch. 11.
IO C 35, 12.2.2010, lch. 7.
IO C 304, 10.11.2010, lch. 5.
IO C 24, 26.1.2011, lch. 6.
IO C 157, 27.5.2011, lch. 8.
IO C 203, 9.7.2011, lch. 16.
IO C 11, 13.1.2012, lch. 13.
IO C 72, 10.3.2012, lch. 44.
IO C 199, 7.7.2012, lch. 8.
IO C 298, 4.10.2012, lch. 3.
IO C 56, 26.2.2013, lch. 13.
IO C 98, 5.4.2013, lch. 3.
IO C 269, 18.9.2013, lch. 2.
IO C 57, 28.2.2014, lch. 2.
IO C 152, 20.5.2014, lch. 25.

([1]) Féach liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo ag deireadh an nuashonraithe seo.
([2]) IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

IO C 224, 15.7.2014, lch. 31.
IO C 434, 4.12.2014, lch. 3.
IO C 447, 13.12.2014, lch. 32.
IO C 38, 4.2.2015, lch. 20.
IO C 96, 11.3.2016, lch. 7.
IO C 146, 26.4.2016, lch. 12.
IO C 248, 8.7.2016, lch. 12.
IO C 111, 8.4.2017, lch. 11.
IO C 21, 20.1.2018, lch. 3.
IO C 93, 12.3.2018, lch. 4.
IO C 153, 2.5.2018, lch. 8.
IO C 186, 31.5.2018, lch. 10.
IO C 264, 26.7.2018, lch. 6.
IO C 366, 10.10.2018, lch. 12.
IO C 459, 20.12.2018, lch. 38.
IO C 140, 16.4.2019, lch 7.
IO C 178, 28.5.2020, lch 3.
IO C 102, 24.3.2021, lch 8.
IO C 486, 3.12.2021, lch 26.